Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11188 — OCTOPUS ENERGY / LEGAL & GENERAL CAPITAL INVESTMENTS / KENSA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 246/08)

1. An 28 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Octopus Energy Group Limited ('Octopus', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú comhpháirteach CPP Investment Board Private Holdings Inc. ('CPP', Ceanada), GIM Willow LP ('GIM', an Ríocht Aontaithe), Origin Energy International Holdings PTY Ltd. ('OEI', an Astráil) agus Octopus Energy Holdco Ltd. ('OEH', an Ríocht Aontaithe),

— Legal & General Capital Investiments Limited ('LGC', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Legal & General Group plc ('L &G Group', an Ríocht Aontaithe),

— Kensa Group Limited ('Kensa', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Octopus agus LGC rialú comhpháirteach ar Kensa, atá faoi rialú aonair LGC faoi láthair, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Octopus speisialtóireacht i soláthar fuinnimh in-athnuaite do thomhaltóirí agus do chustaiméirí tráchtála lena n-áirítear sa Ghearmáin, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Fhrainc. Tá Octopus páirteach freisin i bhfuinneamh glas a ghiniúint (feirmeacha gaoithe agus gréine den chuid is mó), i seirbhísí fuinnimh a shuiteáil (e.g. teaschaidéil ón aer, luchtairí feithiclí leictreacha agus méadair chliste) agus i bhfeithiclí leictreacha a léasú. Ina theannta sin, infheistíonn Octopus i bpunann de shócmhainní fuinnimh in-athnuaite agus bainistíonn sé punann de shócmhainní fuinnimh in-athnuaite trí chistí infheistíochta.

— Is cuideachta infheistíochta é LGC a infheistíonn in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear fuinneamh glan agus eastát réadach tráchtála speisialaithe. Áirítear le hinfheistíochtaí LGC i bhfuinneamh glan an chéad ghlúin eile de ghriancheálla, teicneolaíochtaí ceallraí agus róbataice, bainistiú sócmhainní fuinnimh in-athnuaite, bogearraí le haghaidh dícharbónú tithíochta, ábhair thógála ísealcharbóin agus cumhacht chomhleá.

— Monaraíonn agus soláthraíonn Kensa teaschaidéil ón talamh ('GSHPanna') agus gabhálais. Soláthraíonn sé freisin seirbhísí suiteála córas GSHP agus seirbhísí deartha córas GSHP do shuiteálaithe, sonraitheoirí agus soláthraithe tithíocht tríú páirtí. Tá Kensa gníomhach den chuid is mó sa Ríocht Aontaithe agus, ar bhonn níos lú, soláthraíonn sé teaschaidéil don Ísiltír agus don Nua-Shéalainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11188 — OCTOPUS ENERGY / LEGAL & GENERAL CAPITAL INVESTMENTS / KENSA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË